

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2008

Focal ón gCathaoirleach

Biseach 2008 – cé bheadh ag caint ar bhiseach agus na ciorraithe uilig atá geallta a deir tú? Bhuel tá mé sásta a rá nach bhfuil aon chiorrú déanta ar an bhfiúntas, ar an méid ná ar éagsúlacht an ábhair atá i mBiseach na bliana seo, seachas an méid atá le rá agam féin – níl aon athrú ar mo phort ó anuraidh: **“Ta fáilte roimh bhaill nua ar an gCumann Forbartha/Coiste Ghlór na nGael”.**

Beidh muid ag fógairt an chruinnithe cinnbhliana go luath, mar sin bígí ag faire amach dó nó téigh i teagmháil liom féin má tá suim agat in obair an choiste.


Níl dearmad déanta ar an gComórtas Seo Árdán Idir Bhailte ach an oiread. Mar sin, bíodh sibh ag cleachtadh corr-steip agus amhrán, agus sibhse a bhfuil feith na scríbhneoireachta ionaibh – is é téama an tseó ná **“Cois Fharraige 2050”**, ag glacadh leis go mbeidh an Ghaeilge fós i réim faoin am sin, agus ní bheadh fhios agat cén staid ina mbeadh na stocmhargaí ag an am sin ach oiread.

Tá buíochas ag dul do chuile dhuine a thug ábhar nó cúnamh dúinn chun an t-eagrán seo a chur i

gcrích ach, leisce an dearmaid, níl mé ag ainmniú aon duine ar leith, ach míle buíochas do chuile dhuine agaibh agus go mba fada buan sibh.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo, agus guím Nollaig mhór mhaith agus bliain nua faoi mhaise ort féin agus ar mhuintir an cheantair ar fad, sa mbaile agus i gcéin.

Seán Ó Ráighne
(Cathaoirleach)



Clúdach tosaigh: Joe Shéamaís Sheáin, ar chlé, a rugadh i 1908 agus Mícheál Breathnach, ar dheis, a bhásaigh i 1908 – beirt a d'fhág rian a láimhe ar an gceantar. Suaimhneas síorraí dóibh.

AN CLÁR

ÁBHAR	LCH.
Maidhc Mhicil Teada	3
Céad Chomaoineach	15
Cóineartú	17
Nádúr agus Mí-Nádúir an Chultúir	19
An tOireachtas	23
Comhar Creidmheasa	24
Scoil Sailearna	25
Coláiste Cholm Cille	26
10 mBliana i Hortlova	29
Cuileáil Chois Fharraige	30
An Club Óige	31
An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh	32
Tearmann Éanna	35
Filí Bhaile na mBroghach	37
Plean Forbartha	46
Scoil na Tulaí	47
Cumann Mhícheál Breathnach	49
Na Seanleaid	51
Camógaíocht	52
Iománaíocht	55
Coiste nÓg	57
Liathróid Láimhe	58
Sa mBunscoil	61
Cuimhní Oíche Shamhna	64
Breith, Pósadh agus Bás	64
Seanphictiúir	18, 63